2026/995

4.5.2026

# RIALACHÁN (AE) 2026/995 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## an 29 Aibreán 2026

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/947 a mhéid a bhaineann le héifeachtúlacht mhéadaithe na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 209 agus 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leanann ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), de bheith á dtreorú ag cuspóirí agus prionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5) agus in Airteagail 8 agus 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus ag beartas an Aontais i réimse an chomhair um fhorbairt mar a leagtar síos in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Maidir le bearta chun feabhas a chur le héifeachtúlacht na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ('an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha'), ba cheart tabhairt fúthu ar bhealach atá go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí agus prionsabail sin, agus ailíniú idir beartais an Aontais agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta féin á áirithiú an tráth céanna.

(2) Éilítear leis an gcomhthéacs geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch domhanda go n-athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a bhunú le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear a thiomantas institiúidí daonlathacha a chomhdhlúthú, an chobhsaíocht réigiúnach agus an tslándáil réigiúnach a neartú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an imirce, forbairt an duine a chothú, slabhraí soláthair a éagsúlú, seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin.

(3) Is iad an tAontas agus a Bhallstáit i dteannta a chéile na soláthraithe cúnaimh oifigiúil um fhorbairt is mó ar domhan, agus, dá bhrí sin, tá gá le hinfheictheacht láidir a mhéid a bhaineann lena n-uaillmhianta straitéiseacha agus lena ngníomhaíochtaí straitéiseacha. Mar chuid de chur chuige Fhoireann na hEorpa, ba cheart do bheartais an Aontais i leith an chomhair idirnáisiúnta agus do bheartais a chuid Ballstát i leith an chomhair idirnáisiúnta a chéile a chomhlánú chun cur le héifeachtacht, tionchar agus breisluach a gcúnaimh chomhchoitinn agus chun cur le feasacht agus infheictheacht ghníomhaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát sna tíortha comhpháirtíochta.

(4) I dtuarascáil Draghi ó 2024 maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, moltar rannpháirtíocht níos mó na hearnála príobháidí a áirithiú agus spleáchais sheachtracha iomarcacha a laghdú trí sholáthairtí amhábhar, fuinnimh ghlain, breoslaí iompair inbhuanaithe agus teicneolaíochta glaine ó gach cearn den domhan a dhaingniú, agus tríd an straitéis *Global Gateway* a leagtar síos i dteachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 1 Nollaig 2021 dar teideal *The Global Gateway* [An Tairseach Dhomhanda] ('*Global Gateway*') a uasghrádú agus a ghiaráil agus trí na pleananna fáis do thíortha an mhéadaithe agus na comhpháirtíochtaí cuimsitheacha leis an gComharsanacht, rudaí a éilíonn acmhainní breise, a uasghrádú agus a ghiaráil.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 30 Márta 2026.

([2]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

(5) Ionstraim mhaoiniúcháin thábhachtach de chuid an Aontais chun cuspóirí *Global Gateway* agus na n-hinfheistíochtaí straitéiseacha a bhaint amach is ea CEFI+, agus go háirithe an ráthaíocht bhuiséadach a ghabhann leis, ar comhpháirt í den Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha. Le gnóthachain éifeachtúlachta ar an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, shaorfaí cistiú le haghaidh thosaíochtaí gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear go bhféadfaí Global Gateway a mhéadú, agus cur chuige difreáilte comhthéacs-shonrach á ghlacadh i leith tíortha comhpháirtíochta an tráth céanna, go háirithe iad siúd a shainaithnítear mar thíortha atá leochaileach nó ina bhfuil coinbhleacht, na Tíortha is Lú Forbairt agus tíortha bochta a bhfuil fiachais ollmhóra orthu.

(6) Agus na rioscaí a bhaineann le tionchar eachtrach agus tionscnaimh iomaíocha á gcur san áireamh, ba cheart, agus CEFI+ á chur chun feidhme, aird a thabhairt ar a áirithiú nach dtabharfadh an tAontas tacaíocht faoin Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ach amháin d'oibríochtaí a chomhlíonann luachanna agus leasanna an Aontais agus a áirithíonn cothrom iomaíochta agus iomaíocht chóir do chuideachtaí de chuid an Aontais.

(7) Tá éileamh an-ard ar CEFI+ ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus ó institiúidí airgeadais forbartha eile (IAFanna), mar a deimhníodh leis an meastóireacht a rinne an Coimisiúin ar na hIonstraimí Maoinithe Sheachtraigh do Chreataí Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 agus 2021-2027.

(8) D'fhéadfaí cumhdach ráthaíochta CEFI+ a mhéadú go dtí 2027 trí bharrachais a úsáid ón gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as ráthaíocht bhuiséadach an Aontais trí dhliteanas an Aontais a laghdú ó 65 % go 60 % faoi fhuinneog tiomanta eisiach infheistíochta BEI le haghaidh oibríochtaí le contrapháirtithe ceannasacha agus le contrapháirtithe focheannasacha neamhthrádála. Ní ghabhfadh éifeacht leis an laghdú dliteanais sin go dtí go leasófaí an comhaontú ráthaíochta comhfhreagrach idir an Coimisiún agus BEI. Ba cheart nár dhochar sannadh barrachas ó ionstraimí leagáide chun tairbhe CEFI+ don chaibidlíocht maidir le creat airgeadais ilbhliantúil iar-2027.

(9) Chun barrachais ráthaíocht CEFI a shannadh do sholáthar CEFI+ amhail ón 31 Nollaig 2024, tá gá le maolú ar Airteagal 216(4), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(10) Ar mhaithe le gníomhaíocht sheachtrach chothrom chuimsitheach lena léirítear gealltanais gheopholaitiúla níos leithne an Aontais, ba cheart, le sannadh bharrachais ráthaíochta CEFI do sholáthar CEFI+, maoiniú a chothromú ar fud na réigiún incháilithe uile, mar a chumhdaítear sna himchlúdaigh gheografacha airgeadais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/947, agus go háirithe i gcomhréir leis na híosmhéideanna arna leithdháileadh ar chláir gheografacha a leagtar amach in Airteagal 6(2), pointe (a), den Rialachán sin.

(11) Chun úsáid acmhainní ráthaíocht CEFI+ a cheadú chun glaonna ráthaíochta a íoc ar ráthaíocht CEFI amhail ón 31 Nollaig 2024, tá gá le maolú ar Airteagal 214(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

(12) Ba cheart cur le cumas BEI, BEAF agus IAFanna acmhainní breise a chur chun feidhme go héifeachtúil trí shimpliú a dhéanamh ar an gcreat le haghaidh oibríochtaí measctha, trí chomhaontuithe ráthaíochta agus cúnaimh theicniúil leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme céanna a chomhdhlúthú agus trí mhinicíocht an tuairiscithe airgeadais a laghdú ó oibleagáid tuairisciú go ráithiúil go hoibleagáid tuairisciú faoi dhó sa bhliain. Tá an simpliú riachtanach chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh ar an mórgóir, chun éifeacht ghiarála chistí an Aontais a mhéadú agus chun timpeallacht intuartha a chruthú do chomhpháirtithe príobháideacha atá toilteanach comhinfheistíocht a dhéanamh san fhorbairt inbhuanaithe.

(13) De bhreis air sin, i dtéarmaí simplithe, ba cheart deireadh a chur leis an oibleagáid atá ar chomhpháirtithe cur chun feidhme iniúchadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis maidir le hoibríochtaí ar leithligh faoi na comhaontuithe ráthaíochta atá le soláthar ag comhpháirtithe cur chun feidhme ina dtuairisciú bliantúil don Choimisiún, toisc nach gceanglaítear í faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

([3]) Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1601/oj).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(14) Ba cheart trédhearcacht agus cuntasacht iomchuí a bheith ag gabháil leis an éifeachtúlacht agus leis an simpliú, i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin faoi Airteagal 41(7) de Rialachán (AE) 2021/947 i leith an údaráis bhuiséadaigh, lena n-áirítear faisnéis shoiléir maidir le feidhmíocht CEFI agus CEFI+, maidir le giaráil na gcistí, leithdháileadh cistí ar chláir agus ar thionscadail, na barrachais iomlána agus na heasnaimh iomlána arna sainaithint, tionscnamh aon bharrachas agus na méideanna atá beartaithe lena n-ath-leithdháileadh. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú soiléir agus rialta a sholáthar ar bhreisíocht oibríochtaí CEFI+, lena n-áirítear fianaise go bhfuil próifíl riosca níos airde ag punanna a fhaigheann tacaíocht ná gnáthghníomhaíochtaí infheistíochta inchomparáide na gcomhpháirtithe cur chun feidhme.

(15) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rannpháirtíocht an Aontais lena thíortha comhpháirtíochta a fheabhsú agus a spleáchais sheachtracha iomarcacha a laghdú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir na cuspóirí sin a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/947**

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/947 mar a leanas:

(1) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. De mhaolú ar Airteagal 212(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), déanfar aisíocaíochtaí agus ioncaim a ghintear le hionstraim airgeadais a bunaíodh faoin Rialachán seo a shannadh don líne bhuiséid thionscnaimh tar éis costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta a bhaint astu.

De mhaolú ar Airteagal 216(4), pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, aon bharrachas soláthairtí le haghaidh ráthaíocht CEFI faoi Rialachán (AE) 2017/1601 a thuairiscítear in 2025, 2026 agus 2027 sa doiciméad oibre atá i gceangal leis an dréachtbhuiséad i gcomhréir le hAirteagal 41(5), pointe (h), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfar é a úsáid chun soláthar a dhéanamh don ráthaíocht bhuiséadach a fhaigheann tacaíocht ó CEFI+.

Is é a bheidh sna hacmhainní dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo ioncam sannta inmheánach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).’;

(2) in Airteagal 31(8), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘De mhaolú ar Airteagal 214(6) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, acmhainní CEFI+ a bhaineann le soláthar na ráthaíochta buiséadaí a fhaigheann tacaíocht ó CEFI+ agus dá dtagraítear in Airteagal 214(4), an chéad fhomhír, pointí (b) agus (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfar iad a úsáid chun íocaíocht glaonna os cionn EUR 10 milliún ar ráthaíocht CEFI a chumhdach in 2025, 2026 agus 2027.’;

(3) in Airteagal 36(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Beidh an t-eisiachas ag BEI i gcás oibríochtaí le contrapháirtithe ceannasacha agus le contrapháirtithe focheannasacha neamhthráchtála faoin bhfuinneog tiomanta eisiach infheistíochta. Faoin bhfuinneog tiomanta eisiach infheistíochta, tuigfear gurb é atá i ranníocaíocht na n-acmhainní dílse glacadh riosca iarmharaigh agus cumhdófar le ráthaíocht an Aontais 60 % den mhéid comhiomlán a íoctar amach agus a ráthaítear faoi oibríochtaí maoiniúcháin BEI, lúide méideanna a aisíoctar, móide na méideanna gaolmhara uile.’;

(4) in Airteagal 38, scriostar mír 6.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 29 Aibreán 2026.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. RAOUNA